1 Admhaíonn an Stát gurb é an Teaghlach is múinteoir príomha dúchasach don leanbh, agus ráthaíonn gan cur isteach ar cheart doshannta ná ar dhualgas doshannta tuistí chun oideachas de réir a n-acmhainne a chur ar fáil dá gclainn i gcúrsaí creidimh, moráltachta, intleachta, coirp agus comhdhaonnachta

- 2 Parents shall be free to provide this education in their homes or in private schools or in schools recognised or established by the State.
- 3
 - 1° The State shall not oblige parents in violation of their conscience and lawful preference to send their children to schools established by the State, or to any particular type of school designated by the State.
 - 2° The State shall, however, as guardian of the common good, require in view of actual conditions that the children receive a certain minimum education, moral, intellectual and social.
- 4 The State shall provide for free primary education and shall endeavour to supplement and give reasonable aid to private and corporate educational initiative, and, when the public good requires it, provide other educational facilities or institutions with due regard, however, for the rights of parents, especially in the matter of religious and moral formation.

- 2 Tig le tuistí an t-oideachas sin a chur ar fáil dá gclainn ag baile nó i scoileanna príobháideacha nó i scoileanna a admhaítear nó a bhunaítear ag an Stát.
- 3 1° Ní cead don Stát a chur d'fhiacha ar thuistí, in aghaidh a gcoinsiasa nó a rogha dleathaí, a gclann a chur ar scoileanna a bhunaítear ag an Stát nó ar aon chineál áirithe scoile a ainmnítear ag an Stát.

2° Ach ós é an Stát caomhnóir leasa an phobail ní foláir dó, toisc cor an lae, é a dhéanamh éigeantach minimum áirithe oideachais a thabhairt do na leanaí i gcúrsaí moráltachta, intleachta agus comhdhaonnachta.

- 4 Ní foláir don Stát socrú a dhéanamh chun bunoidéachas a bheith ar fáil in aisce, agus iarracht a dhéanamh chun cabhrú go réasúnta agus chun cur le tionscnamh oideachais idir phríobháideach agus chumannnta agus, nuair is riachtanas chun leasa an phobail é, áiseanna nó fundúireachtaí eile oideachais a chur ar fáil, ag féachaint go cuí, áfach, do chearta tuistí, go mór mór maidir le múnlú na haigne i gcúrsaí creidimh is moráltachta.

CHILDREN

ARTICLE 42A

- 1 The State recognises and affirms the natural and imprescriptible rights of all children and shall, as far as practicable, by its laws protect and vindicate those rights.

- 2 1° In exceptional cases, where the parents, regardless of their marital status, fail in their duty towards their children to such extent that the safety or welfare of any of their children is likely to be prejudicially affected, the State as guardian of the common good shall, by proportionate means as provided by law, endeavour to supply the place of the parents, but always with due regard for the natural and imprescriptible rights of the child.

2° Provision shall be made by law for the adoption of any child where the parents have failed for such a period of time as may be prescribed by law in their duty towards the child and where the best interests of the child so require.

- 3 Provision shall be made by law for the voluntary placement for adoption and the adoption of any child.

- 4 1° Provision shall be made by law that in the resolution of all proceedings—

LEANAÍ

AIRTEAGAL 42A

1 Admhaíonn agus deimhníonn an Stát cearta nádúrtha dochloíte na leanaí uile agus ní foláir dó na cearta sin a chosaint is a shuíomh lena dhlíthe sa mhéid gur féidir é.

2 1° I gcásanna neamhchoiteanna nuair a tharlaíonn nach ndéanann na tuistí, gan beann ar a stádas pósta, a ndualgais dá gclann sa mhéid gur dócha go ndéanfar dochar do shábháilteacht nó do leas aon linbh dá gclann, ní foláir don Stát, ós é an Stát caomhnóir leasa an phobail, iarracht a dhéanamh, le beart comhréireach mar a shocraítear le dlí, chun ionad na dtuistí a ghlacadh, ag féachaint go cuí i gcónaí, áfach, do chearta nádúrtha dochloíte an linbh.

2° Déanfar socrú le dlí chun aon leanbh a uchtáil i gcás nach ndearna na tuistí a ndualgais don leanbh ar feadh cibé tréimhse ama a ordófar le dlí agus nuair is riachtanas ar mhaithe le barr leasa an linbh é.

3 Déanfar socrú le dlí chun aon leanbh a shuíomh go saorálach le haghaidh uchtála agus a uchtáil.

4 1° Déanfar socrú le dlí go measfar, le linn na n-imeachtaí uile—

ARTICLE 42A (*continued*)

- i brought by the State, as guardian of the common good, for the purpose of preventing the safety and welfare of any child from being prejudicially affected, or
- ii concerning the adoption, guardianship or custody of, or access to, any child,

the best interests of the child shall be the paramount consideration.

2° Provision shall be made by law for securing, as far as practicable, that in all proceedings referred to in subsection 1° of this section in respect of any child who is capable of forming his or her own views, the views of the child shall be ascertained and given due weight having regard to the age and maturity of the child.

PRIVATE PROPERTY

ARTICLE 43

1 1° The State acknowledges that man, in virtue of his rational being, has the natural right, antecedent to positive law, to the private ownership of external goods.

2° The State accordingly guarantees to pass no law attempting to abolish the right of private ownership or the general right to transfer, bequeath, and inherit property.

AIRTEAGAL 42A (*ar leanúint*)

- i a thabharfaidh an Stát, ós é an Stát caomhnóir leasa an phobail, chun nach ndéanfar dochar do shábháilteacht ná do leas aon linbh, nó
- ii a bhaineann le huchtáil, caomhnóireacht nó coimeád aon linbh, nó rochtain ar aon leanbh,

a réiteach, gur ní ró-thábhachtach é barr leasa an linbh.

2° Déanfar socrú le dlí chun a chur in áirithe, sa mhéid gur féidir é, go ndéanfar sna himeachtaí uile dá dtagraítear i bhfo-alt 1° den alt seo i leith aon linbh ar féidir leis nó léi teacht ar a bharúlacha féin nó ar a barúlacha féin, barúlacha an linbh a fháil agus tromachar cuí a thabhairt dóibh ag féachaint d'aois agus d'aibíocht an linbh.

MAOIN PHRÍOBHÁIDEACH

AIRTEAGAL 43

- 1 1° Admhaíonn an Stát, toisc bua an réasúin a bheith ag an duine, go bhfuil sé de cheart nádúrtha aige maoin shaolta a bheith aige dá chuid féin go príobháideach, ceart is ársa ná reacht daonna.

2° Uime sin, ráthaíonn an Stát gan aon dlí a achtú d'iarraidh an ceart sin, ná gnáthcheart an duine chun maoin a shannadh agus a thiomnú agus a ghlacadh ina hoidhreacht, a chur ar ceal.

ARTICLE 43 (*continued*)

2 1° The State recognises, however, that the exercise of the rights mentioned in the foregoing provisions of this Article ought, in civil society, to be regulated by the principles of social justice.

2° The State, accordingly, may as occasion requires delimit by law the exercise of the said rights with a view to reconciling their exercise with the exigencies of the common good.

RELIGION

ARTICLE 44

1 The State acknowledges that the homage of public worship is due to Almighty God. It shall hold His Name in reverence, and shall respect and honour religion.

2 1° Freedom of conscience and the free profession and practice of religion are, subject to public order and morality, guaranteed to every citizen.

2° The State guarantees not to endow any religion.

3° The State shall not impose any disabilities or make any discrimination on the ground of religious profession, belief or status.

AIRTEAGAL 43 (*ar leanúint*)

2 1° Ach admhaíonn an Stát gur cuí, sa chomhdhaonnacht shibhialta, oibriú na gceart atá luaite sna forálacha sin romhainn den Airteagal seo a rialú de réir bunrialacha an chirt chomhdhaonnaigh.

2° Uime sin, tig leis an Stát, de réir mar a bheas riachtanach, teorainn a chur le hoibriú na gceart réamhráite d'fhonn an t-oibriú sin agus leas an phobail a thabhairt dá chéile.

CREIDEAMH

AIRTEAGAL 44

1 Admhaíonn an Stát go bhfuil ag dul do Dhia na nUilechumhacht é a adhradh le hómós go poiblí. Beidh urraim ag an Stát dá ainm, agus bhéarfaidh oirmhidin agus onóir do Chreideamh.

2 1° Ráthaítear do gach saoránach saoirse choinsiasa is saorchead admhála is cleachta creidimh, ach gan san a dhul chun dochair don ord phoiblí ná don mhoráltacht phoiblí.

2° Ráthaíonn an Stát gan aon chóras creidimh a mhaoiniú.

3° Ní cead don Stát neach a chur faoi mhíchumas ar bith ná aon idirdhealú a dhéanamh mar gheall ar chreideamh nó admháil chreidimh nó céim i gcúrsaí creidimh.

ARTICLE 44 (*continued*)

4° Legislation providing State aid for schools shall not discriminate between schools under the management of different religious denominations, nor be such as to affect prejudicially the right of any child to attend a school receiving public money without attending religious instruction at that school.

5° Every religious denomination shall have the right to manage its own affairs, own, acquire and administer property, movable and immovable, and maintain institutions for religious or charitable purposes.

6° The property of any religious denomination or any educational institution shall not be diverted save for necessary works of public utility and on payment of compensation.

DIRECTIVE PRINCIPLES OF SOCIAL POLICY

ARTICLE 45

The principles of social policy set forth in this Article are intended for the general guidance of the Oireachtas. The application of those principles in the making of laws shall be the care of the Oireachtas exclusively, and shall not be cognisable by any Court under any of the provisions of this Constitution.

AIRTEAGAL 44 (*ar leanúint*)

4° Reachtaíocht lena gcuirtear cúnamh Stáit ar fáil do scoileanna ní cead idirdhealú a dhéanamh inti idir scoileanna atá faoi bhainistí aicmí creidimh seachas a chéile ná í do dhéanamh dochair do cheart aon linbh chun scoil a gheibheann airgead poiblí a fhreastal gan teagasc creidimh sa scoil sin a fhreastal.

5° Tá sé de cheart ag gach aicme chreidimh a ngnóthaí féin a bhainistí, agus maoin, idir sho-aistrithe agus do-aistrithe, a bheith dá gcuid féin acu, agus í a fháil agus a riaradh, agus fundúireachtaí chun críocha creidimh is carthanachta a chothabháil.

6° Ní cead maoin aon aicme creidimh ná aon fhundúireachtaí oideachais a bhaint díobh ach amháin le haghaidh oibreacha riachtanacha chun áise poiblí, agus sin tar éis cúiteamh a íoc leo.

BUNTREORACHA DO BHEARTAS
CHOMHDHAONNACH

AIRTEAGAL 45

Is mar ghnáth-threoir don Oireachtas a ceapadh na bunrialacha do bheartas chomhdhaonnach atá leagtha amach san Airteagal seo. Is ar an Oireachtas amháin a bheidh sé de chúram na bunrialacha sin a fheidhmiú i ndéanamh dlíthe, agus ní intrialte ag Cúirt ar bith ceist i dtaobh an fheidhmithe sin faoi aon fhoráil d'fhorálacha an Bhunreacht seo.

ARTICLE 45 (*continued*)

- 1 The State shall strive to promote the welfare of the whole people by securing and protecting as effectively as it may a social order in which justice and charity shall inform all the institutions of the national life.
- 2 The State shall, in particular, direct its policy towards securing:—
 - i That the citizens (all of whom, men and women equally, have the right to an adequate means of livelihood) may through their occupations find the means of making reasonable provision for their domestic needs.
 - ii That the ownership and control of the material resources of the community may be so distributed amongst private individuals and the various classes as best to subserve the common good.
 - iii That, especially, the operation of free competition shall not be allowed so to develop as to result in the concentration of the ownership or control of essential commodities in a few individuals to the common detriment.

AIRTEAGAL 45 (*ar leanúint*)

- 1 Déanfaidh an Stát a dhícheall chun leas an phobail uile a chur chun cinn trí ord chomhdhaonnach, ina mbeidh ceart agus carthanacht ag rialú gach forais a bhaineas leis an saol náisiúnta, a chur in áirithe agus a chaomhnú chomh fada lena chumas.
- 2 Déanfaidh an Stát, go sonrach, a bheartas a stiúradh i slí go gcuirfear in áirithe:–
 - i Go bhfaighidh na saoránaigh (agus tá ceart acu uile, idir fhear is bean, chun leorshlí bheatha), trína ngairmeacha beatha, caoi chun soláthar réasúnta a dhéanamh do riachtanais a dteaghlach.
 - ii Go roinnfear dílse agus urlámhas gustail shaolta an phobail ar phearsana príobháideacha agus ar na haicmí éagsúla sa chuma is fearr a rachas chun leasa an phobail.
 - iii Go sonrach, nach ligfear d'oibriú na saoriomaíochta dul chun cinn i slí go dtiocfadh de an dílse nó an t-urlámhas ar earraí riachtanacha a bheith ina lámha féin ag beagán daoine chun dochair don phobal.

ARTICLE 45 (*continued*)

- iv That in what pertains to the control of credit the constant and predominant aim shall be the welfare of the people as a whole.
 - v That there may be established on the land in economic security as many families as in the circumstances shall be practicable.
- 3 1° The State shall favour and, where necessary, supplement private initiative in industry and commerce.
- 2° The State shall endeavour to secure that private enterprise shall be so conducted as to ensure reasonable efficiency in the production and distribution of goods and as to protect the public against unjust exploitation.
- 4 1° The State pledges itself to safeguard with especial care the economic interests of the weaker sections of the community, and, where necessary, to contribute to the support of the infirm, the widow, the orphan, and the aged.
- 2° The State shall endeavour to ensure that the strength and health of workers, men and women, and the tender age of children shall not be abused and that citizens shall not be forced by economic necessity to enter avocations unsuited to their sex, age or strength.

AIRTEAGAL 45 (*ar leanúint*)

- iv Gurb é leas an phobail uile is buanchuspóir agus is príomhchuspóir a rialós ina mbaineann le hurlámhas creidmheasa.
 - v Go mbunófar ar an talamh faoi shlándáil gheilleagrach an oiread teaghlach agus is féidir de réir chor an tsaoil.
- 3 1° Féachfaidh an Stát le fonn ar thionscnamh phríobháideach i gcúrsaí tionscail is tráchtála agus cuirfidh leis nuair is gá sin.
- 2° Déanfaidh an Stát iarracht chun a chur in áirithe go stiúrfar fiontraíocht phríobháideach i slí gur deimhin go ndéanfar earraí a tháirgeadh agus a imdháil le hinniúlacht réasúnta agus go gcosnófar an pobal ar bhrabús éagórach.
- 4 1° Gabhann an Stát air féin cosaint sonracha a dhéanamh ar leas gheilleagrach na n-aicmí is lú cumhacht den phobal agus, nuair a bheas riachtanas leis, cabhair maireachtála a thabhairt don easlán, don bhaintreach, don dílleacht agus don sean.
- 2° Déanfaidh an Stát iarracht chun a chur in áirithe nach ndéanfar neart agus sláinte lucht oibre, idir fhéara is mná, ná maoth-óige leanaí a éagóradh, agus nach mbeidh ar shaoránaigh, de dheasca uireasa, dul le gairmeacha nach n-oireann dá ngné nó dá n-aois nó dá neart.

AMENDMENT OF THE CONSTITUTION

ARTICLE 46

- 1 Any provision of this Constitution may be amended, whether by way of variation, addition, or repeal, in the manner provided by this Article.
- 2 Every proposal for an amendment of this Constitution shall be initiated in Dáil Éireann as a Bill, and shall upon having been passed or deemed to have been passed by both Houses of the Oireachtas, be submitted by Referendum to the decision of the people in accordance with the law for the time being in force relating to the Referendum.
- 3 Every such Bill shall be expressed to be “An Act to amend the Constitution”.
- 4 A Bill containing a proposal or proposals for the amendment of this Constitution shall not contain any other proposal.
- 5 A Bill containing a proposal for the amendment of this Constitution shall be signed by the President forthwith upon his being satisfied that the provisions of this Article have been complied with in respect thereof and that such proposal has been duly approved by the people in accordance with the provisions of section 1 of Article 47 of this Constitution and shall be duly promulgated by the President as a law.

AN BUNREACTH A LEASÚ

AIRTEAGAL 46

- 1 Is cead foráil ar bith den Bhunreacht seo a leasú, le hathrú nó le breisiú nó le haisghairm, ar an modh a shocraítear leis an Airteagal seo.
- 2 Gach togra chun an Bunreacht seo a leasú ní foláir é a thionscnamh i nDáil Éireann ina Bhille, agus nuair a ritear nó a mheastar a ritheadh é ag dhá Theach an Oireachtais ní foláir é a chur faoi bhreith an phobail le Reifreann de réir an dlí a bheas i bhfeidhm i dtaobh an Reifrinn in alt na huaire.
- 3 Ní foláir a lua i ngach Bille den sórt sin é a bheith ina “Acht chun an Bunreacht a leasú”.
- 4 Aon Bhille ina mbeidh togra nó tograí chun an Bunreacht seo a leasú ní cead togra ar bith eile a bheith ann.
- 5 Aon Bhille ina mbeidh togra chun an Bunreacht seo a leasú ní foláir don Uachtarán a lámh a chur leis láithreach, ar mbeith sásta dó gur comhlíonadh forálacha an Airteagail seo ina thaobh agus gur thoiligh an pobal go cuí leis an togra sin de réir forálacha alt 1 d’Airteagal 47 den Bhunreacht seo, agus ní foláir don Uachtarán é a fhógairt go cuí ina dhlí.

THE REFERENDUM

ARTICLE 47

- 1 Every proposal for an amendment of this Constitution which is submitted by Referendum to the decision of the people shall, for the purpose of Article 46 of this Constitution, be held to have been approved by the people, if, upon having been so submitted, a majority of the votes cast at such Referendum shall have been cast in favour of its enactment into law.

- 2 1° Every proposal, other than a proposal to amend the Constitution, which is submitted by Referendum to the decision of the people shall be held to have been vetoed by the people if a majority of the votes cast at such Referendum shall have been cast against its enactment into law and if the votes so cast against its enactment into law shall have amounted to not less than thirty-three and one-third per cent. of the voters on the register.

2° Every proposal, other than a proposal to amend the Constitution, which is submitted by Referendum to the decision of the people shall for the purposes of Article 27 hereof be held to have been approved by the people unless vetoed by them in accordance with the provisions of the foregoing sub-section of this section.

AN REIFREANN

AIRTEAGAL 47

- 1 Gach togra a dhéantar chun an Bunreacht seo a leasú agus a chuirtear faoi bhreith an phobail le Reifreann, ní foláir a mheas, chun críche Airteagal 46 den Bhunreacht seo, go dtoilíonn an pobal leis an togra sin má tharlaíonn, tar éis é a chur mar sin faoi bhreith an phobail, gur ar thaobh é a achtú ina dhlí a thugtar tromlach na vótaí a thugtar sa Reifreann sin.

- 2
 - 1° Gach togra, nach togra chun leasaithe an Bhunreacht, a chuirtear faoi bhreith an phobail le Reifreann ní foláir a mheas go ndiúltaíonn an pobal dó más in aghaidh é a achtú ina dhlí a thugtar tromlach na vótaí a thugtar sa Reifreann sin, agus nach lú an méid vótaí a thugtar amhlaidh in aghaidh é a achtú ina dhlí ná cion trí tríochad is trian faoin gcéad de líon na dtoghthóirí atá ar an rolla.

 - 2° Gach togra, nach togra chun leasaithe an Bhunreacht, a chuirtear faoi bhreith an phobail le Reifreann ní foláir a mheas, chun críocha Airteagal 27 den Bhunreacht seo, go dtoilíonn an pobal leis mura ndiúltaíd dó de réir forálacha an fho-ailt sin romhainn den alt seo.

ARTICLE 47 (*continued*)

- 3 Every citizen who has the right to vote at an election for members of Dáil Éireann shall have the right to vote at a Referendum.
- 4 Subject as aforesaid, the Referendum shall be regulated by law.

REPEAL OF CONSTITUTION OF SAORSTÁT
ÉIREANN AND CONTINUANCE OF LAWS

ARTICLE 48

The Constitution of Saorstát Éireann in force immediately prior to the date of the coming into operation of this Constitution and the Constitution of the Irish Free State (Saorstát Éireann) Act, 1922, in so far as that Act or any provision thereof is then in force shall be and are hereby repealed as on and from that date.

ARTICLE 49

- 1 All powers, functions, rights and prerogatives whatsoever exercisable in or in respect of Saorstát Éireann immediately before the 11th day of December, 1936, whether in virtue of the Constitution then in force or otherwise, by the

AIRTEAGAL 47 (*ar leanúint*)

- 3 Gach saoránach ag a bhfuil sé de cheart vótáil i dtoghchán do chomhaltaí de Dháil Éireann tá sé de cheart aige vótáil i Reifreann.
- 4 Faoi chuimsiú na nithe réamhráite is le dlí a rialófar an Reifreann.

BUNREACTH SHAORSTÁT ÉIREANN A
AISGHAIRM AGUS DLÍTHE A BHUANÚ

AIRTEAGAL 48

An Bunreacht a bheas i bhfeidhm do Shaorstát Éireann díreach roimh lá an Bunreacht seo a theacht i ngníomh agus an tAcht um Bunreacht Shaorstáit Éireann, 1922, sa mhéid go mbeidh an tAcht sin nó aon fhoráil de i bhfeidhm an uair sin, aisghairtear leis seo iad agus beid aisghairthe an lá sin agus as sin amach.

AIRTEAGAL 49

- 1 Gach uile chumhacht, feidhm, ceart agus sainchumas a bhí inoibrithe i Saorstát Éireann nó i dtaobh Shaorstát Éireann díreach roimh an 11ú lá de Mhí Nollag, 1936, cibé acu de bhua an Bhunreachta a bhí i bhfeidhm an uair sin é nó

ARTICLE 49 (*continued*)

- authority in which the executive power of Saorstát Éireann was then vested are hereby declared to belong to the people.
- 2 It is hereby enacted that, save to the extent to which provision is made by this Constitution or may hereafter be made by law for the exercise of any such power, function, right or prerogative by any of the organs established by this Constitution, the said powers, functions, rights and prerogatives shall not be exercised or be capable of being exercised in or in respect of the State save only by or on the authority of the Government.
 - 3 The Government shall be the successors of the Government of Saorstát Éireann as regards all property, assets, rights and liabilities.

ARTICLE 50

- 1 Subject to this Constitution and to the extent to which they are not inconsistent therewith, the laws in force in Saorstát Éireann immediately prior to the date of the coming into operation of this Constitution shall continue to be of full force and effect until the same or any of them shall have been repealed or amended by enactment of the Oireachtas.

AIRTEAGAL 49 (*ar leanúint*)

nach ea, ag an údarás ag a raibh cumhacht chomhallach Shaorstát Éireann an uair sin, dearbhaítear leis seo gur leis an bpobal iad uile.

- 2 Ach amháin sa mhéid go ndéantar socrú leis an mBunreacht seo, nó go ndéanfar socrú ina dhiaidh seo le dlí, chun go n-oibreofar, le haon organ dá mbunaítear leis an mBunreacht seo, aon chumhacht, feidhm, ceart nó sainchumas díobh sin, achtaítear leis seo nach dleathach agus nach féidir na cumhachtaí, na feidhmeanna, na cearta, agus na sainchumais sin a oibriú sa Stát nó i dtaobh an Stáit ach amháin ag an Rialtas nó le húdarás an Rialtais.
- 3 Is é an Rialtas is comharba ar Rialtas Shaorstát Éireann i gcás gach maoine, sócmhainne, cirt agus féichiúnais.

AIRTEAGAL 50

- 1 Na dlíthe a bheas i bhfeidhm i Saorstát Éireann díreach roimh lá an Bunreacht seo a theacht i ngníomh leanfaid de bheith i lánfheidhm agus i lánéifeacht, faoi chuimsiú an Bhunreacht seo agus sa mhéid nach bhfuilid ina choinne, go dtí go n-aisghairtear nó go leasaítear iad nó aon chuid díobh le hachtú ón Oireachtas.

ARTICLE 50 (*continued*)

- 2 Laws enacted before, but expressed to come into force after, the coming into operation of this Constitution, shall, unless otherwise enacted by the Oireachtas, come into force in accordance with the terms thereof.

Dochum Glóire Dé

agus

Onóra na hÉireann

AIRTEAGAL 50 (*ar leanúint*)

- 2 Dlíthe a bheas achtaithe roimh an mBunreacht seo a theacht i ngníomh agus a mbeidh luaite iontu iad do theacht i bhfeidhm dá éis sin, tiocfaid i bhfeidhm de réir mar a luaitear iontu mura n-achtaí an tOireachtas a mhalairt.

Dochum Glóire Dé

agus

Onóra na hÉireann

TREOIR

Nóta Ní úsáidtear uimhreacha leathanach sa treoír seo: baineann na huimhreacha le hAirteagail an Bhunreachta. Tá ceannlitreacha sa treoír ar fhocail ar a bhfuil ceannlitreacha i dtéacs an Bhunreachta.

achainí

i gcoinne Bille a shíniú 27

adhradh

adhradh Dé go poiblí 44.1

aer: *feic* maoin nádúrtha

airgead poiblí

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste: *feic* Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Billí Airgid: *feic* Billí Airgid

conarthaí idirnáisiúnta 29.5.2°

leithghabháil ag Dáil Éireann 17.2

scoileanna, cúnamh Stáit 44.2.4°

airgeadas

Roinn Airgeadais, Aire ina chomhalta de Dháil Éireann 28.7.1°

reachtaíocht chun feidhm dlí a thabhairt do Rúin Airgeadais 17.1.2°

Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°

Aontas Eorpach

comhchosaint 29.4.9°

Conradh Liospáin 29.4.5°, 29.4.6°

dlíthe mar chomhalta 29.4.7°

Ard-Aighne

Billí a chuirfear faoi bhreith na Cúirte Uachtaraí 26.2.1°

ceapadh agus seilbh oifige 30

coireanna agus cionta, cúiseamh 30.3

Comhairle Stáit: *feic* Comhairle Stáit

éirí as oifig nó cur as oifig 30.5

feidhmeanna 30.1

Rialtas, gan bheith ina chomhalta 30.4

tuarastal 30.6

Ard-Chúirt

achomhairc i gcoinne a breitheanna 34.4.1^o, 34.5.4^o

breithiúna: *feic* breithiúna

Cúirt Chéadchéime 34.3.1^o

dlí, bailíocht 34.3, 40.4.3^o

dlínse 34.3

Habeas Corpus, imeachtaí 40.4

rúndacht na Comh-Aireachta 28.4.3^o

Uachtarán na hArd-Chúirte 14.2.2^o, 31.2, 40.4.4^o

Feic freisin cúirteanna; Cúirt Uachtarach

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

airgead poiblí, caitheamh agus iniúchadh 33.1

ceapadh 33.2

cur as oifig 33.5

Dáil Éireann, tuarascálacha 33.4

armchúirteanna: *feic* binsí míleata

Baile Átha Cliath

Tithe an Oireachtais, suíonna 15.1.3^o

Uachtarán, stát-áras 12.11.1^o

baincéireacht

Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1^o

baintreach, cabhair Stáit, 45.4.1^o

ballóid

Dáil Éireann, toghcháin 16.1.4^o

Seanad Éireann, toghcháin 18.5

Uachtarán, toghcháin 12.2.3^o, 12.4.5^o

bannaí 40.4.3^o, 40.4.6^o

Béal Feirste, Comhaontú: *feic* Comhaontú na Breataine-na hÉireann

beartas comhdhaonnach

aicmí is lú cumhacht, leas geilleagrach 45.4.1^o

buntreoracha 45

creidmheas, urlámhas air 45.2

earraí riachtanacha 45.2

fiontraíocht phríobháideach 45.3.2^o

gustal saolta an phobail 45.2

lucht oibre, sláinte 45.4.2^o

Oireachtas, bunrialacha, feidhmiú 45

ord comhdhaonnach 45.1

saoránaigh, slí bheatha 45.2
teaghláigh, bunú ar an talamh 45.2
tionscnamh príobháideach 45.3.1°

beartas náisiúnta

ceisteanna a shocrú 6.1
Uachtarán, eolas a thabhairt dó 28.5.2°

Billí

achainí á iarraidh gan Bille a shíniú 27
Bunreacht: *feic* Bunreacht
Comhairle Stáit: *feic* Comhairle Stáit
Cúirt Uachtarach: *feic* Cúirt Uachtarach
cur faoi bhreith an phobail 27
Dáil Éireann: *feic* Dáil Éireann
dlíthe: achtú 13.3.1°, 25.4.1°; fógairt 25.4.2°
Oireachtas: *feic* Tithe an Oireachtais
práinneacha 24
Seanad Éireann: *feic* Seanad Éireann
síniú: *feic* Uachtarán na hÉireann
téacs, tiontú oifigiúil 25.4.4°
tréimhse áirithe chun a mbreithnithe 23
Feic freisin Billí Airgid

Billí Airgid

Coiste Pribhléidí 22.2
Cúirt Uachtarach, gan bheith inchurtha faoina breith 26
Dáil Éireann: Billí Airgid práinneacha 24.2, 24.3; deimhniú
ón gCathaoirleach 22.2.1°, 22.2.6°; curtha go Seanad
Éireann d'iarraidh a moltaí 21.1.2°, 21.2; rith 21.1.2°;
tionscnamh 21.1.1°
míniú 22.1
Seanad Éireann: Billí Airgid práinneacha 24.2; cur faoi
bhráid Choiste Pribhléidí 22.2; moltaí 21.1.2°, 21.2

binsí míleata 38.4, 38.6

bratach: *feic* suaitheantas náisiúnta

breithiúna

ceapadh 35.1, 36
ceart, riaradh 34.1
cur as oifig 35.4

- dearbhú 34.6
 feidhmeanna breithiúnais ag daoine nach breithiúna 37
 Habeas Corpus 40.4
 líon 36
 neamhspleáchas 35.2
 Oireachtas, gan bheith ina gcomhaltaí 35.3
 poist sochair 35.3
 scor 36
 tuarastal 35.5, 36
 Uachtarán na hÉireann, dearbhú 12.8
- bunoideachas 42.4
- Bunreacht
- Billí ina aghaidh, ceisteanna a chur faoi bhreith na Cúirte Uachtaraí 26
 - breithiúna, cumhdach 34.6.1^o
 - cóip a chur isteach ina hiris: ullmhú, fíorú agus cur isteach ina hiris 25.5; forlámhas ag an téacs Gaeilge 25.5.4^o
 - Comhaontú na Breataine-na hÉireann 29.7
 - cumhachtaí riala, oibriú 6.2, 49.2
 - dearbhú ag an Uachtarán bheith ina thaca agus ina dháin 12.8
 - dlíthe: a achtaíodh roimh é a theacht i ngníomh 50.2; bailíocht, dlínse na gCúirteanna 34.3, 34.4, 34.5, 40.4.3^o; in aimsir chogaidh nó ceannairce faoi arm 28.3.3^o; ina aghaidh, gan bhail 15.4
 - feidhmeanna breithiúnais ag daoine údaraithe 37
 - leasú, Billí 24.1, 26, 46, 47.1
 - muintir na hÉireann á ghabháil chucu *brollach*
 - Reifreann 46, 47.1
 - Saorstát Éireann: *feic* Saorstát Éireann
 - téacs 25.5
 - Uachtarán, taca agus dídean 12.8
 - Feic freisin* Ard-Chúirt; Cúirteanna; Cúirt Uachtarach
- Bunreacht Shaorstát Éireann: *feic* Saorstát Éireann
- Caidreamh Idirnáisiúnta
- achrann idir náisiúin, réiteach síochánta 29.2
 - beartas idirnáisiúnta, eolas don Uachtarán 28.5.2^o
 - conarthaí idirnáisiúnta 29.5, 29.6
 - cumhacht chomhallach an Stáit maidir lena chaidreamh eachtrach 29.4

- dlí idirnáisiúnta, bunrialacha 29.3, 29.8
- eadráin idirnáisiúnta 29.2
- náisiún, ceart chun é a chinneadh 1
- síocháin idir náisiúin 29.1
- cánachas
 - Bille Airgid, míniú 22.1
- Cathaoirleach Dháil Éireann (An Ceann Comhairle): *feic* Dáil Éireann
- Cathaoirleach Sheanad Éireann: *feic* Seanad Éireann
- Ceann Comhairle: *feic* Dáil Éireann
- ceannairc
 - foilsíú nó aithris 40.6.1°
- ceannairc faoi arm
 - binsí míleata 38.4
 - dlíthe in aimsir cheannairce faoi arm 28.3.3°
 - Fórsaí Cosanta, gníomhartha 40.4.5°
 - tréas 39
 - Feic freisin* cogadh
- ceannasach
 - ceart 1
 - Stát 5
- ceart
 - Breithiúna á riaradh 34.1
 - bunrialacha an chirt chomhdhaonnaigh 43.2.1°
 - chun comhlachais a bhunú 40.6
 - chun deimhní agus tuairimí a nochtadh 40.6.1°
 - chun teacht ar tionól 40.6
 - cúirteanna faoi leith 38.3
 - feidhmeanna breithiúnais ag daoine nach breithiúna 37.1, 37.2
 - ord comhdhaonnach, ceart agus carthanacht á rialú 45.1
 - riarach poiblí 34.1
 - rúndacht na Comh-Aireachta 28.4.3°
- cinéama
 - ord agus moráltacht phoiblí 40.6.1°
- cionta: *feic* coireanna agus cionta
- ciste
 - cíos uile an Stáit 11

cogadh

- binsí míleata 38.4
- Dáil Éireann, aontú 28.3
- dlíthe in aimsir chogaidh 28.3.3°
- Fórsaí Cosanta, gníomhartha 40.4.5°
- práinn náisiúnta 28.3.3°
- tréas 39

Coimisiún le linn an tUachtarán a bheith as láthair nó ar míthreoir

- comhaltáí 14.2
- córam 14.3
- feidhmeanna 14.1

coinsias

- saoirse choinsiasa: *feic* saoránaigh; saoirse choinsiasa

coireanna agus cionta

- Ard-Aighne, cúiseamh ar a agra 30.3
- binsí míleata 38.4
- coiste tiomanta, cúiseanna coiriúla, triail ina láthair 38.5
- cúirteanna faoi leith 38.3
- maithiúnas 13.6
- mionchionta, triail 38.2
- pionós, cumhacht chun é a mhaolú nó a loghadh 13.6
- tréas, míniú 39
- trial de réir dlí 38.1

Coiste Pribhléidí

- breith: cur in iúl 22.2.4°, 22.2.6°; gan dul thairsti 22.2.5°
- cé acu Bille Airgid Bille nó nach ea 22.2
- ceapadh 22.2.3°

coiste tiomanta

- cúiseanna coiriúla, triail ina láthair 38.5

Comhairle Stáit

- Billí: achainí á iarraidh gan Bille a shíniú 27.4.1°; Airgid, Coiste Pribhléidí 22.2.3°, 22.2.6°; cur faoi bhreith na Cúirte Uachtaráí 26.1.1°, 26.1.2°; práinneacha 24.1
- bunú 31
- comhaltáí: ceapadh 31.2, 31.3; cur as oifig 31.7; dearbhú 31.4; éirí as oifig 31.6; tréimhse oifige 31.5
- comóradh 31.8, 32

- feidhmeanna 31.1
- Uachtarán: oibriú a chumhachtaí 13.9, 14.4, 31.1, 32;
teachtaireacht nó aitheasc 13.7.1°, 13.7.2°; Tithe an
Oireachtais, comóradh 13.2.3°
- Comhairlí Contae
- iarrthóirí d'oifig an Uachtaráin, ainmniú 12.4.2°, 12.4.3°
- comhairlí feidhmeannais nó gairme beatha
bunú 15.3
- Seanad Éireann, toghadh go lomdíreach 19
- Comhaontú Lucsamburg 29.4.8°
- Comhaontú na Breataine-na hÉireann 29.7
- comhaontuithe: *feic* conarthaí
- comhchosaint: *feic* Aontas Eorpach
- comhlachais agus cumainn: *feic* saoránaigh; ceart
- Comhphobal Eorpach: comhaltas d'Éirinn 29.4.3°
- cónaí
- ionad cónaithe, slán do gach saoránach 40.5
- conarthaí
- conarthaí idirnáisiúnta 29.5, 29.6
- Reacht na Róimhe 29.9
- Conradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san
Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 29.10
- Conradh Liospáin 29.4.5°, 29.4.6°
- Conradh na Róimhe 29.4.3°
- creideamh
- aicmí creidimh, cearta agus maoin 44.2.5°, 44.2.6°
- cleachtadh, saorchead admhála agus cleachta 44.2.1°
- comhlachais agus cumainn, bunú agus saorthionól 40.6.2°
- maoiniú 44.2.2°
- míchumas nó idirdhealú mar gheall ar chreideamh 44.2.3°,
44.2.4°
- oideachas leanaí 42.1, 42.4
- scoileanna, cúnamh Stáit 44.2.4°
- creidmheas
- urlámhas 45.2
- Cúirt Achomhairc: *feic* Cúirteanna
- Cúirt Achomhairc Dheiridh: *feic* Cúirt Uachtarach; cúirteanna
- Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta
- Reacht na Róimhe 29.9

Cúirt Uachtarach

achainí, breith ar Bhille 27.4.2°

Billí: achainí 27.4.2°; cur isteach ina n-iris 25.4.5°;

Uachtarán á gcur faoi bhreith 26, 34.3.3°

Breithiúna: *feic* Breithiúna; Príomh-Bhreitheamh

Bunreacht, téacs sínithe, cur isteach ina iris, 25.5.2°,
25.5.3°, 25.5.4°

Coiste Pribhléidí, Cathaoirleach 22.2.3°

Cúirt Achomhairc Dheiridh 34.5.1°

dlínse achomhairc 34.5.3°, 34.5.4°, 34.5.5°

dlíthe, bailíocht: breith ina taobh 34.5

dlínse maidir léi 34.3.2°, 34.5.5°

dlíthe a cuireadh faoina breith 34.3.3°

Príomh-Bhreitheamh, uachtarán na Cúirte Uachtaraí 34.5.2°

Uachtarán na hÉireann, míthreoir a shuíomh 12.3.1°

Feic freisin Ard-Chúirt; cúirteanna

cúirteanna

bannaí a dhiúltú 40.4.6°

beartas comhdhaonnach, ceisteanna 45

binsí míleata agus armchúirteanna 38.4, 38.6

ceart, riaradh 34.1

coireanna agus cionta, cúiseamh 30.3

comhdhéanamh agus comheagraíocht 36

Cúirt Achomhairc 34.2

Cúirt Achomhairc Dheiridh 34.2, 34.5.1°

Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta 29.9

Cúirteanna Céadchéime: 34.2; dlínse 34.3, 38.2

cúirteanna faoi leith, cumhacht chun iad a bhunú 38.3, 38.6

dlí, bailíocht: *feic* Bunreacht

dlínse achomhairc 34.3, 34.4, 34.5

maithiúnas 13.6

pionós, cumhacht chun maolaithe nó loghtha 13.6

Uachtarán, freagracht 13.8

Feic freisin Ard-Chúirt; breithiúna; Cúirt Uachtarach

cumainn: *feic* saoránaigh

cumhacht chomhallach: *feic* Rialtas

cuntasaíocht

Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°

Dáil Éireann

airgead poiblí agus stáitchíos, leithghabháil 17.2

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste: *feic* Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Billí: achainí á iarraidh gan iad a shíniú 27; Airgid: *feic* Billí Airgid; a thionscnaítear agus a ritear ag Dáil Éireann 20.1; a thionscnaítear agus a ritear ag Seanad Éireann 20.2.1^o, 23.2.1^o; a thionscnaítear ag Seanad Éireann agus a leasaítear ag Dáil Éireann 20.2.2^o; Bunrecht, leasú 46; práinneacha 24; tréimhse áirithe chun a mbreithnithe ag Seanad Éireann 23

Breithiúna, cur as oifig 35.4

Cathaoirleach: An Ceann Comhairle, teideal 14.2.1^o; Billí Airgid 22.2.1^o, 22.2.6^o; Billí is siocair d'achainí 27.5.1^o, 27.6; Billí práinneacha 24.1; breithiúna, cur as oifig 35.4.2^o; Coimisiún le linn an tUachtarán a bheith as láthair, etc. 14.2.1^o, 14.2.3^o; Comhairle Stáit 31.2; toghadh 15.9.1^o; toghadh ina chomhalta 16.6; tuarastal 15.9.2^o; vóta cinniúna 15.11.2^o

cogadh, aontú 28.3

Coiste Pribhléidí: *feic* Coiste Pribhléidí

comhaltas 16.1, 16.2, 16.6, 16.7, 28.7

comóradh agus lánscore 13.2.1^o, 13.2.2^o, 16.3, 28.10

conarthaí idirnáisiúnta 29.5, 29.6

dáilcheantair: 16.2.1^o; athmheas 16.2.4^o; comhaltaí 16.2.3^o, 16.2.6^o

dlíthe: a chuirfeadh saoránach faoi mhíchumas 16.1.3^o; dáilcheantair, líon comhaltaí 16.2.6^o; stáitchíos nó airgead poiblí eile 17.2

ionradh 28.3.2^o

lánscore: *feic* comóradh agus lánscore *thuas*

Leas-Chathaoirleach: Coimisiún le linn an tUachtarán a bheith as láthair, etc. 14.2.3^o; toghadh 15.9.1^o; tuarastal 15.9.2^o

Meastacháin ar fháltas agus ar chaitheamh airgid 17.1.1^o, 28.4.4^o

Oireachtas, Teach den Oireachtas 15.1.2^o

ré 16.5

Rialtas: *feic* Rialtas

- Rúin Airgeadais 17.1.2°
 scaoileadh ar phósadh 41.3.2°
 Taoiseach: ainmniú 13.1.1°; éirí as oifig 28.10, 28.11.2°
 Teach Ionadóirí 15.1.2°
 toghcháin: corrfholúntais 16.7; daoine is intofa ar chomhaltas
 Dháil Éireann 16.1; olltoghchán 16.3.2°, 16.4.1°; teacht
 le chéile dá éis 16.4.2°; vótáil 16.1, 16.2.5°, 16.4.1°
Feic freisin Oireachtas; Tithe an Oireachtais
- dáilcheantair
 Dáil Éireann 16.2
- daonáireamh
 dáilcheantair, daonra 16.2.3°
- daonlathas
 Stát daonlathach 5
- daonra
 dáilcheantair 16.2
- dílleachtaí
 Stát, cabhair maireachtála 45.4.1°
- diolúine: *feic* maoin nádúrtha
- Dlí Idirnáisiúnta: *feic* Caidreamh Idirnáisiúnta
- dlíinse
 taobh amuigh dá chríoch 29.8
- dlíinse achomhairc: *feic* cúirteanna
- dlíthe
 Aontas Eorpach: *feic* Aontas Eorpach
 Ard-Aighne 30.1
 bailíocht: *feic* Bunreacht
 bannaí a dhiúltú 40.4.6°
 beartas comhdhaonnach i ndéanamh dlíthe 45
 Billí: *feic* Billí
 breithiúna, cumhdach dlíthe 34.6.1°
 Bunreacht: *feic* Bunreacht
 caidreamh eachtrach 29.4.2°
 cogadh nó ceannairc faoi arm 28.3.3°
 comhlachais agus cumainn 40.6
 conarthaí idirnáisiúnta 29.6
 cur isteach ina n-iris 25.4.5°, 25.4.6°
 Dáil Éireann: *feic* Dáil Éireann
 dlí míleata 38.4

- dlínse taobh amuigh dá chríoch 29.8
- fógairt 13.3.2°, 25.1, 25.2, 25.3, 25.4.2°, 27.5.2, 27.6, 46.5
- foirceannadh toirchis a rialail 40.3.3°
- leithghabháil ar stáitchíos nó ar airgead poiblí 17.2
- limistéar agus raon feidhme 3.1
- maoin phríobháideach 43.1.2°
- Oireachtas, cumhacht chun a ndéanta 15.2.1°
- pósadh 41.3.2°, 41.4
- práinneacha, tréimhse feidhme 24.3
- reachtaíocht *ex post facto* 15.5.1°
- Rúin Airgeadais, feidhm dlí a thabhairt dóibh 17.1.2°
- saoránaigh: cearta pearsanta, cosaint ionad cónaithe slán
dóibh 40.5; ionann i láthair an dlí 40.1; saoirse
phearsanta 40.4
- Saorstát Éireann 50
- scoileanna, cúnamh Stáit 44.2.4°
- teacht i ngníomh 25.4.1°
- teangacha, téacsanna a bheidh curtha isteach ina n-iris sa dá
theanga 25.4.5°; 25.4.6°
- tiontú oifigiúil 25.4.4°
- toirmeasc ar phionós an bháis 15.5.2°
- Uachtarán á gcaomhnú 12.8
- údaráis áitiúla 28A
- eaglaisí
 - Stát, admháil 44.1
- Ealaíonacht
 - Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°
- earraí
 - brabús éagórach 45.3.2°
 - earraí riachtanacha 45.2
- easláin
 - cabhair maireachtála 45.4.1°
- éigeandáil: *feic* Tithe an Oireachtais

Éire

ainm an Stáit 4

an dá dhlínse

institiúidí le cumhachtaí agus feidhmeanna comhroinnte
3.2

aontaithe 3.1

Bunreacht, pobal á ghabháil chucu *brollach*

daoine de bhunadh na hÉireann

ina gcónaí ar an gcoigríoch 2

dlí idirnáisiúnta, bunrialacha 29.3, 29.8

saoránacht agus náisiúntacht 9

síocháin, mian ina leith 29.1, 29.2

Stát, cineál 4, 5

suaitheantas náisiúnta 7

Uachtarán 12.1

fáltas agus caitheamh airgid: *feic* Meastacháin ar fháltas agus ar
chaitheamh airgid

farraigí 2

fiacha: *feic* Billí Airgid

fiontraíocht phríobháideach 45.3.2°

fireann nó baineann

Dáil Éireann 16.1

náisiúntacht 9.1.3°

pósadh 41.4

saoránacht 9.1.3°

slí bheatha 45.2, 45.4.2°

foirgníocht

Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°

forais ardoideachais

Seanad Éireann, comhaltaí 18.4.2°

Fórsaí Cosanta

ardcheannas 13.4, 13.5.1°

armchúirteanna 38.4.2°

cogadh, gníomhartha lena linn 40.4.5°

oifigigh, gairme 13.5.2°

Feic freisin fórsaí míleata nó fórsaí armtha

fórsaí míleata nó fórsaí armtha

bunú 15.6

Feic freisin Fórsaí Cosanta

freagrach, go léir le chéile 28.4.2°

fuinneamh: *feic* maoin nádúrtha
gabháil

Tithe an Oireachtais, comhaltaí 15.13

Gaeilge: *feic* Teanga

gairm uaisleachta nó onóra

Rialtas, aontú 40.2.2°

Stát, bronnadh 40.2.1°

graostacht

foilsíú nó aithris 40.6.1°

Habeas Corpus

cogadh 40.4.5°

dlí, bailíocht 40.4.3°

ordú, ceart chuige 40.4

Iascaireacht

Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°

idirdehalú

maidir le polaitíocht nó creideamh nó aicmí 40.6.2°

innealtóireacht

Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°

ionadaíocht chionúire

Dáil Éireann, toghcháin 16.2.5°

Seanad Éireann, toghcháin 18.5

Uachtarán na hÉireann, toghcháin 12.2.3°

ionann

is ionann saoránaigh i láthair an dlí 40.1

ionradh

Stát, cosaint 28.3.2°

Iris Oifigiúil

dlíthe, fógairt 25.4.2°

leanaí

caomhnú ag an Stát 42A

fostaíocht 45.4.2°

oideachas: 42.2, 42.3.2°, 44.2.4°; bunoidreachas, cur ar fáil
42.4; dualgas tuistí 42.1, 42.3.1°

scaoileadh ar phósadh 41.3.2°

leas an phobail 6.1, 41.2.1°, 42.3.2°, 42.5, 43.2.2°, 45.2

leas poiblí

rúndacht na Comh-Aireachta 28.4.3°

leithghabháil

- Billí Airgid 21, 22
 críocha 17.2
 státhchíos 11
- Liospáin, *feic* Conradh Liospáin
 Litríocht
 Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°
 Lucht Oibre: *feic* Oibreachas; Saothrú
 maitheas, an mhaitheas phoiblí *brollach*
 maithiúnas
 ceart maithiúnais dílsithe san Uachtarán 13.6
 máithreacha
 dul le saothar 41.2.2°
 maoin nádúrtha
 Stát, is leis gach ábhar maoin nádúrtha 10
 maoin phríobháideach
 aicmí creidimh 44.2.5°, 44.2.6°
 cosaint 40.3.2°, 43
 gustal saolta an phobail 45.2
- Meastacháin ar fháltas agus ar chaitheamh airgid
 Dáil Éireann, breithniú 17.1.1°, 28.4.4°
 mianaigh agus mianraí: *feic* maoin nádúrtha
 mionchionta 38.2
- mná
 Dáil Éireann 16.1
 náisiúntacht 9.1.3°
 saoránacht 9.1.3°
 slí bheatha 45.2, 45.4.2°
Feic freisin teaghlach
- monaplachtaí
 earraí riachtanacha 45.2
 brabús éagórach 45.3.2°
- náisiún
 ceart a bheith páirteach ann 2
 cearta 1
 Comhaontú na Breataine-na hÉireann 29.7
 dílseacht don náisiún 9.2
 éagsúlacht a bhféiniúlachtaí agus a dtraidisiún 3.1
 Teaghlach agus leas 41.1.2°

- toil na daoine go léir a aontú 3.1
 Uachtarán, aitheasc uaidh 13.7.2°
 náisiúntacht: *feic* saoránacht agus náisiúntacht
 neamhspleáchas
 dearbhú 5
 an náisiún *brollach*
- obair
 sláinte lucht oibre 45.4.2°
 slí bheatha lucht oibre 45.2
- Oibreachas
 Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°
Feic freisin saothrú
- oideachas
 bunoidreachas 42.4
 fundúireachtaí oideachais, maoin 44.2.6°
 Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°
 teaghlach, cearta 42
Feic freisin leanaí, tuistí
- oileáin
 agus farraigí teorann 2
- Oireachtas
 beartas comhdhaonnach i ndéanamh dlíthe 45
 comhairlí feidhmeannais agus gairme beatha 15.3
 conarthaí idirnáisiúnta 29.6
 Dáil Éireann, dáilcheantair, athmheas 16.2.4°
 dlíthe: déanamh 15.2.1°; dlíthe in aghaidh an Bhunreachta
 15.4; fógairt 13.3.2°; Shaorstát Éireann 50; slándáil an
 phobail a chur in áirithe 28.3.3°
 fórsaí míleata nó fórsaí armtha 15.6
 Parlaimint Náisiúnta 15.1
 reachtaíocht *ex post facto* 15.5.1°
 rúndacht na Comh-Aireachta 28.4.3°
 suíonna 15.7
 Tithe: *feic* Tithe an Oireachtais
 tuarascálacha agus foilseacháin oifigiúla 15.12
Feic freisin Dáil Éireann; Seanad Éireann; Tithe an
 Oireachtais; Uachtarán na hÉireann
- ollscoileanna
 Ollscoil Bhaile Átha Cliath, comhaltáí Sheanad Éireann,

18.4.1°, 18.4.2°, 18.6

Ollscoil na hÉireann, comhaltaí Sheanad Éireann 18.4.1°,
18.4.2°, 18.6

Parlaimint

maoin nádúrtha 10

Oireachtas is ainm di 15.1.1°

raon feidhme na ndlíthe 3.1

Feic freisin Oireachtas

pionós an bháis

toirmeasc air 15.5.2°

pobal

beartas: comhdhaonnach 45; náisiúnta 6.1

Billí, cur faoi bhreith an phobail 27

Bunreacht a ghabháil chucu *brollach*

coireanna agus cionta, cúiseamh 30.3

comhairlí feidhmeannais nó gairme beatha 15.3

cumhacht riala 6.1

Reifreann: *feic* Reifreann

Saorstát Éireann, cumhacht chomhallach 49.1

slándáil: *feic* slándáil an phobail agus ord poiblí

Stát, ceapadh rialtóirí 6.1

Uachtarán: agus an pobal 12.8; toghadh 12.2.1°

pósadh

gan beann ar gnéas 41.4

ord an phósta a chosaint 41.3.1°

scaoileadh 41.3.2°

Feic freisin Teaghlach

práinn náisiúnta: *feic* Tithe an Oireachtais

preas

saoirse 40.6.1°

Pribhléidí, Coiste: *feic* Coiste Pribhléidí

Príomh-Aire: *feic* Taoiseach

Príomh-Bhreitheamh

Bunreacht, cóip dá théacs a fhíorú 25.5.2°

Coimisiún le linn an tUachtarán a bheith as láthair, etc.
14.2.1°, 14.2.2°

Comhairle Stáit: comhalta de bhua oifige 31.2; duine a bhí
tráth ina Phríomh-Bhreitheamh 31.2

dearbhú 34.6.1°, 34.6.2°

dearbhú ó bhreithiúna eile 34.6.2°

- uachtarán na Cúirte Uachtaraí 34.5.2°
- raidió
 - ord agus moráltacht phoiblí 40.6.1°
- Ranna Stáit: *feic* Stát
- raon feidhme na ndlíthe 3.1
- reachtais
 - fo-reachtais 15.2.2°
 - rialtas áitiúil 28A
 - údaráis áitiúla 28A
- Reacht na Róimhe: *feic* Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta
- Reifreann
 - Billí, achainí 27.5, 27.6
 - Bunreacht: leasú 46.2, 47.1; togra nach togra chun a leasaithe 47.2
 - ceart vótála 47.3
 - rialú 47.4
- Rialtas
 - Airí i mbun Ranna Stáit 28.12
 - Ard-Aighne: comhairleach i gcúrsaí dlí 30.1; gan bheith ina chomhalta 30.4
 - beartas, tuairimí léirmheasa a nochtadh 40.6.1°
 - Billí: práinneacha 24.1; síniú go luath 25.2.2°
 - caidreamh eachtrach 29.4
 - ceapadh 13.1, 28.1
 - comhairlí feidhmeannais nó gairme beatha 15.3
 - comhaltaí: as láthair nó ar míthreoir, feidhmeanna a chomhlíonadh 28.12; ceapadh 13.1; ceart chun labhairt i ngach Teach den Oireachtas 28.8; de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann 28.7; éirí as oifig ar an Taoiseach d'éirí as oifig 28.11.1°; éirí nó cur as oifig 13.1.3°, 28.9; leanúint dá n-oifig go gceaptar a gcomharbaí 28.11; líon 28.1; tuarastal 28.12
 - cumhacht chomhallach, oibriú 28.2, 29.4, 49.2
 - cumhachtaí: oibriú le horgain Stáit 6.2; teacht ón bpobal 6.1
 - Dáil Éireann: ceart ag comhaltaí labhairt ann 28.8; comhaltaí den Rialtas agus comhaltas Dháil Éireann 28.7; comhaontú 13.1.2°; freagracht di 28.4.1°; lánscore 28.11.2°; Meastacháin ar fháltas agus ar chaitheamh

- airgid 28.4.3°
 gairm uaisleachta nó onóra 40.2
 ionradh 28.3.2°
 leithghabháil ar státhchíos agus airgead poiblí 17.2
 maoin nádúrtha 10
 Meastacháin ar fháltas agus ar chaitheamh airgid 28.4.3°
 náisiún, ceart chun a rogha Rialtas a bhunú 1
 Ranna Stáit: Airí ina mbun 28.12; comhfhreagracht 28.4.2°
 rúndacht na bpléití ag cruinnithe 28.4.3°
 Saorstát Éireann, comharbaí 49.3
 Stát, cosaint 28.3.2°
 Tánaiste, ainmniú agus dualgais 28.6
 Taoiseach, ainmniú, Ceann an Rialtais 13.1.1°, 28.5.1°
 tréas, míniú 39
 Uachtarán: cumhachtaí agus feidhmeanna 13.9, 13.11;
 imeacht ón Stát 12.9; teachtaireacht nó aitheasc 13.7.3°
- Riarachán Poiblí
 Seanad Éireann, rolla toghcháin 18.7.1°
 ríchíos: *feic* maoin nádúrtha
 Róimh: *feic* Conradh na Róimhe
 rollaí toghcháin
 cóiriú 18.7
 dreamanna feidhme nó gairme beatha a chur ina n-ionad 19
 Seanad Éireann, toghcháin 18.4.1°, 18.4.2°
- Sacs-Bhéarla 8.2, 8.3
 Saíocht: *feic* Teanga
 saoirse choinsiasa 42.3.1°, 44.2.1°
 saoirse phearsanta: *feic* saoránaigh
 saoránacht agus náisiúntacht
 Comhaontú na Breataine-na hÉireann 29.7
 fáil 2, 9.1.2°, 9.1.3°
 saoránaigh de Shaorstát Éireann 9.1.1°
 saoránaigh
 ceart chun: bheith páirteach i náisiún na hÉireann 2;
 comhlachais agus cumainn a bhunú 40.6; leorshlí
 bheatha 45.2; maoine príobháidí 43.1; teacht ar tionól
